



comhairle chontae na mí  
meath county council

**FÓGRA** Foirm an fhógra atá le foilsíú de bhun alt 51(3)(a) d'Acht na mBóithre, 1993 - 2023 i ndáil le hiarratas ar fhorbairt bóthair atá beartaithe agus cur isteach **Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura.**

**COMHAIRLE CONTAE NA MÍ**  
**N2 SEACHBHÓTHAR BHAILE SHLÁINE AGUS SCÉIM FEABHSÚCHÁIN NA RÍOCHTA POIBLÍ:**

1. Tá iarratas déanta ag Comhairle Contae na Mí ("an t-údarás bóithre") chuig an mBord Pleanála faoi alt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993 - 2023 chuig an mBord Pleanála ("an Bord") ar cheadú i ndáil le forbairt bóthair bheartaithe arb é a bheith inti:

- Thart ar 3.5 km de phríomhlíne dhébhéaligh Chineál 2 ar sheachbhóthar an N2;
- Thart ar 1.4 km de Bhóthar Náisiúnta athlínithe ar an N51;
- Droichead mór amháin (1) trasna ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, thart ar 258 m ar fad;
- 3 thimpeallán chomhréidh ag an N2 Theas, N51 agus N2 Thuaidh;
- Athchumrú acomhal na Cearnóige i mBaile Shláine, lena n-áirítear deireadh a chur le rialú soilse tráchta;
- Feabhsúcháin Ríocht Phoiblí agus bearta bainistíochta tráchta i Limistéar Caomhantais Alltíreacha Shráidbhaile Shláine, lena n-áirítear athlonnú hidrant iarainn theilgthe (Struchtúr faoi Chosaint 90662) agus oibreacha pábhála ar Droichead Bhaile Shláine (Struchtúr Cosanta 90684);
- Carrchlós a sholáthar ar an N51 soir ó acomhal na Cearnóige, lena n-áireofar oscailt nua i mballa spallaí (Struchtúr faoi Chosaint 90697) le haghaidh bealach isteach sa charrchlós agus rochtain nua ar an bpáirc;
- Nasc coisithe / rothaithe a chur ar fáil chuig an gcarrchlós, lena n-áirítear oscailt nua i mballa spallaí (Struchtúr faoi Chosaint 90698) le haghaidh rochtana ón N2 atá ann cheana féin ó dheas ó acomhal na Cearnóige;
- Timpeall 2.7 km d'oibreacha cóiríochta agus rianta rochtana cothabhála;
- Tardhroichead nua amháin (1) a ligfidh don N2 atá beartaithe dul faoi Bhóthar Ros na Rí (L16002);
- 2 thardhroichead rochtana feirme;
- 3 lintéar nua ar Shruathán na Máiteoige (Múrtún) agus an lintéar atá ann cheana féin faoin N2 a bhaint de;
- Saoráidí comhroinnte cosáin/rotháochta a sholáthar, lena n-áirítear droichead do choisithe/rothaithe chuig cosán tarraingthe Chanáil na Bóinne atá ann cheana féin;
- 3 theaghais phríobháideacha a fháil agus 2 cheann díobh seo a leagan;
- Teach geata tréigthe agus foirgnimh talmhaíochta, lena n-áirítear seanteach tréigthe, a fháil agus a leagan;
- Ateoruithe fónais;
- Córas draenála, lena n-áirítear sruthanna éalaithe caolaithe; agus
- Tirdhreachú agus bearta maolaithe comhshaoil;

mar aon le hoiibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha na Scéime ar fad.

An forbairt bóthair a tá beartaithe de thoghcheantair Chontae na Mí (i) Baile Phaghain agus (ii) Baile Shláine agus ag dul trí na bailte fearainn seo a leanas (i) Baile Sheáin, (ii) Baile Shláine, (iii) Cullen, (iv) Fennor (v) Diméin chaisleán Bhaile Shláine agus (vi) Cashel, gach ceann díobh i gContae na Mí.

Léirítear ar an léarscáil a ghabhann leis seo suíomh na forbartha bóthair beartaithe.

Tá an Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (MTT) a ullmhaíodh de réir alt 50 d'Acht na mBóithre, 1993 - 2023 curtha faoi bhráid an Bhoird ag Comhairle Contae na Mí.

Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura (NIS) freisin agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird é maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

2. Féadfar cóip den Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a iniúchadh ag na láithreacha a liostaítear thíos le linn na n-uaireanta oscailte a liostaítear thíos (seachas laethanta saoire poiblí) ón 9am go dtí an 1pm agus 2pm go dtí 5pm idir 6 Nollaig 2023 agus 16 Feabhra 2024.

(i) Oifigí Comhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí C15 Y291.

3. Is féidir cóip den Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR) (nó cuid/codanna de) agus/nó den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a cheannach ó Chomhairle Contae na Mí ag an seoladh thuasluaite, ach an t-áille/na t-áillí seo a leanas a íoc:

Imleabhar	Téideal	Táille	Leictreónach (USB)
1	Achoimre Nearntheicniúil EIAR (Imleabhar [1])	€15	€10 (don tsraith iomlán doiciméad)
2	Príomhthéacs EIAR (Imleabhar [2])	€250	
3	Líníochtaí EIAR (Imleabhar [3])	€75	
4	Aguisíní teicniúil EIAR (Imleabhar [4])	€300	
5	Príomhthuarascáil NIS	€50	
6	Aguisíní NIS	€10	

idir 6 Nollaig 2023 go dtí an 16 Feabhra 2024.

Is féidir an Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) chomh maith le doiciméid eile a bhaineann leis an iarratas a iniúchadh agus a íoslódáil saor in aisce ar an suíomh gréasáin: [www.n2slanebypass.ie](http://www.n2slanebypass.ie)

4. Féadfar aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh i scríbhinn chuig **An Bord** (Féach thíos) leis na nithe seo a leanas:

- na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bóthair bheartaithe ar an gcomhshaoil, má dhéantar í;
- impleachtaí na forbartha bóthair beartaithe, má dhéantar í, do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe sa limistéar ina mbeartaítear an fhorbairt bóthair bheartaithe a shuíomh; agus
- na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bóthair bheartaithe ar láithreán Eorpach ionas idir 6 Nollaig 2023 agus 5.30pm 16 Feabhra 2024.

Tá táille €50 a íoc le haon aighneachtaí/tuairimí a dhéantar chuig an mBord maidir le haon iarratas forbartha bonneagair straitéisigh de chuid údarás áitiúil.

Níl feidhm ag an t-áille seo maidir le comhlachtaí forordaithe áirithe nó le húinéirí maoinne agus le daoine eile a bhfuil leas dílithiúil acu i dtalamh atá agóid á dhéanamh acu i gcoinne talamh a fháil go héigeantach ina bhfuil leas den sórt sin acu i gcás talamh a thógáil go héigeantach <https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation>

Féadfar aighneachtaí le tuilleadh faisnéise a fháil ó Rannóg Bonneagair Straitéisigh an Bhoird Pleanála ar 01 8588100 nó ó shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)


Aighneachtaí/tuairimí gan t-áille is féidir a dhéanamh tríd an bpost, i duine, agus tríd ríomphost chuig [laps@pleanala.ie](mailto:laps@pleanala.ie)

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis seo a fháil ó Rannóg Bonneagair Straitéisigh an Bhoird Pleanála ar 01 8588100 nó ó shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)

5. I ndáil le hiarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 - 2023, féadfaidh an Bord tar éis teacht ar chonclúid réasúnaithe faoi alt 51(5)(c) agus a bheith deimhin de go bhfuil an chonclúid réasúnaithe fós cothrom le dáta, féadfaidh sé, le hordú, an fhorbairt bóthair atá beartaithe a cheadú, fara modhnúithe nó d'éagmais modhnúithe agus faoi réir cibé coinníollacha comhshaoil (lena n-áirítear coinníollacha maidir le bearta faireacháin, paraiméadair a mbeidh faireachán le dhéanamh orthu agus fad na tréimhse faireacháin sin) is cuí leis, nó féadfaidh sé diúltú d'fhorbairt den sórt sin a cheadú.

Féadfaidh duine bailloch aon chinnidh ón mBord ar fhorbairt bóthair bheartaithe a cheistiú trí bhithin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach faoi Rialacha na nUaschúirteanna (agus go háirithe Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna atá in I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú) agus de réir alt 50, 50A agus 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 - 2022.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ón mBord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 maidir leis an nós imeachta um athbhreithniú breithiúnach. Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal seo: "Fógraí Díl - Fógraí maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach" ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie) nó ón suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag <https://www.citizensinformation.ie/ga/environment/buildings-and-structures/judicial-review-in-planning-and-environmental-matters/>



Arna dhátú 6 Nollaig 2023.

Martin Murray, Stiúrthóir Seirbhíse - Iompar,  
Comhairle Contae na Mí, Teach Buvinda,  
Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291.